

AN **Cúigear Cróga**  
GEARRSCÉALTA



# An Cúigear Cróga



Timmy



Anne



Dick



Julian



George

An téacs © Enid Blyton, 1956  
Na léaráidí © Jamie Littler, 2014  
Leagan Gaeilge © Cló Iar-Chonnacht 2014  
ISBN: 978-1-78444-112-8

Is trádmharc cláraithe de chuid Hodder & Stoughton Ltd é síniú Enid Blyton.

Foilsíodh an téacs de chéaduair sa Bhreatain Mhór in *Enid Blyton's Magazine Annual* No. 3 sa bhliain 1956. Tá an téacs le fáil freisin in *The Famous Five Short Stories*, arna fhoilsiú ag Hodder Children's Books. Arna fhoilsiú den chéaduair sa Bhreatain Mhór san eagrán seo ag Hodder Children's Books sa bhliain 2014.

Tá cearta Enid Blyton agus Jamie Littler bheith aitheanta mar Údar agus Maisitheoir an tSaothair seo faoi seach dearbhairte acu de réir an Achta Cóipchirt, Dearaí agus Paitinní 1988.

An Chomhairle um Oideachas  
Gaeilge & Gaelscolaíochta



Tá Cló Iar-Chonnacht buíoch de COGG  
as maoiniú a chur ar fáil don togra seo.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Cló Iar-Chonnacht, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.  
Teil: 091-593307 Facs: 091-593362 eolas@cic.ie www.cic.ie

Enid Blyton

SAOIRE  
NA  
SAMHNA

léaráidí le **Jamie Littler**




Gormfhlaithe Ní Thuairisig a d'aistrigh



Cló Iar-Chonnacht, Indreabhán, Conamara

# Leabhair eile sa tsraith seo

Tráthnóna Díomhaoin  
Tá Gruaig George Rófhada  
Maith thú, a Timmy



# CLÁR

CAIBIDIL 1 7

CAIBIDIL 2 13

CAIBIDIL 3 23


CAIBIDIL 4 33

CAIBIDIL 5 47

CAIBIDIL 6 55

CAIBIDIL 7 63

CAIBIDIL 8 71





Bhí **an Cúigear** i Kirrin Cottage don  
bhriseadh lár téarma, agus den chéad uair le  
fada, bhí saoire ag scoil na mbuachaillí agus ag  
scoil na gcailíní ar na laethanta céanna!

‘Nach deas go bhfuil deis againn an tsaoire a chaitheamh le chéile,’ a dúirt Anne agus a lámha thart timpeall ar Timmy aici, ‘agus nach orainn atá an t-ádh go bhfuil an aimsir chomh breá seo ag tús na Samhna!’

**‘Ceithre lá saor!’** a dúirt George ‘Céard a dhéanfaidh muid?’

‘Snámh!’ a bhéic Julian agus Dick le chéile.

‘Níl sibh i ndáiríre!’ a d’fhreagair a n-aintín agus scéin inti . . . ‘Snámh i mí na Samhna!  
**‘An bhfuil sibh craiceáilte? Ní féidir libh, Julian!’**

‘Tá go maith,’ a dúirt Julian ag gáire. ‘Ná bíodh imní ort – níl ár gcuid éadaigh snámha linn ar aon nós.’

‘Siúlfaidh muid soir go Cnoc na Gaoithe,’ a dúirt Dick. ‘Beidh an tsiúlóid cois cósta go deas agus cá bhfios ach nach mbeidh sméara agus cnónna fós le fáil. Thaitneodh siúlóid bhreá fhada liom féin.’







**‘Bhuf,’** arsa Timmy agus é ag leagan a chrúibe ar ghlúin Dick. Chaith sé a shaol ag fanacht go gcloisfeadh sé an focal ‘siúlóid’!

‘Sea, sin é a dhéanfaidh muid,’ arsa Anne. ‘Aintín Fanny, an bhféadfaidh muid picnic a

thabhairt linn, nó an gcuirfeadh sé an iomarca anró ortsa é a réiteach?’

‘Ní chuirfidh má thugann sibhse cúnamh dom,’ arsa a haintín, ag gáire agus í ag éirí den chathaoir. ‘Tar liom go bhfeicfidh muid céard atá ann. Ach cuimhnígí go dtiteann an oíche an-tobann ar an aimsir seo, mar sin ná fágaigí ródhéanach é sula gcasann sibh abhaile arís.’

